Tuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le hInfheistíocht phoiblí sa bhonneagar fuinnimh mar chuid den réiteach ar shaincheisteanna aeráide

(tuairim féintionscnaimh)

(2022/C 486/10)

Rapóirtéir: **Thomas KATTNIG**

Comhrapóirtéir: **Lutz RIBBE**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.1.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise
Dáta a glactha sa rannóg	07.9.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	22.9.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	572
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	162/7/8

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tá iarmhairtí na géarchéime aeráide ag goilleadh go mór ar an Eoraip agus ar an domhan ar fad. Cé go bhfuil méadú tagtha le blianta beaga anuas ar na deiseanna atá ar fáil chun oiriúnú go héifeachtach don athrú aeráide, cuireann na saineolaithe in iúl nach leor an úsáid a bhaintear as cistiú, nach leor rannpháirtíocht na saoránach agus na hearnála príobháidí, agus go bhfuil easpa ceannaireacht pholaitiúil ann.

1.2. Chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar an leictreachas agus chun na cuspóirí aeráide a bhaint amach, ní mór an infheistíocht san eangach leictreachais a dhúbailt go EUR 55 bhilliún in aghaidh na bliana agus í a mhéadú go EUR 75 bhilliún in aghaidh na bliana d'acmhainneacht ghiniúna an fhuinnimh ghlain ([1]). Sa chomhthéacs sin, tá ról tábhachtach ag an infheistíocht phoiblí i gcórais chliste agus in-athnuaite fuinnimh, mar aon le bonneagar stórála, chun slándáil an tsoláthair a áirithiú, chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh, chun praghsanna inacmhainne a choinneáil agus poist a chruthú.

1.3. Tacaíonn CESE leis na tograí ón gCoimisiún chun dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna i réimse an fhuinnimh in-athnuaite agus chun "sprioclimistéir" a bhunú do thionscadail den chineál sin. Deis shuntasach atá sa mhéid sin chun dlús a chur leis an aistriú fuinnimh. Tá sé níos tábhachtaí fós a chinneadh chomh beacht agus is féidir cad iad na simplithe is féidir a chur i bhfeidhm sna "sprioclimistéir" sin.

1.4. I ndlí fuinnimh na hEorpa, ní aithnítear cosaint an chomhshaoil mar chuspóir de chuid rialáil na heangaí. Mar thoradh air sin, is deacair do na rialtóirí náisiúnta freisin dreasachtaí a fhorbairt do chlaochlú, do mhéadú agus do nuachóiriú na n-eangach dáilte leictreachais a chomhlíonann riachtanais na haeráidneodrachta.

1.5. Maidir le córais agus bonneagair fuinnimh a dhearadh amach anseo, tá béim leagtha arís agus arís eile ag CESE ar an ngá atá ann go mbeidh gach tomhaltóir – teaghlaigh, gnólachtaí agus pobail fuinnimh – rannpháirteach go gníomhach i bhforbairt córas cliste fuinnimh, chomh maith leis an ngá atá ann dreasachtaí a chur ar fáil don tsochaí shibhialta a bheith rannpháirteach san aistriú fuinnimh agus chun a áirithiú freisin go rannchuideoidh siad leis an maoiniú.

([1]) Is é sin an chonclúid ar ar tháinig an chónaidhm d'earnáil leictreachais na hEorpa, Eurelectric.

1.6. Ar na mórgheilleagair uile a thógáil le chéile, is ag an Aontas atá an ráta infheistíochta poiblí is lú sna teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain a bheadh ag teastáil le haghaidh an dícharbónaithe agus is bac é sin ar iomaíochas an Aontais. Ó cuireadh tús leis an dírialáil, tá laghdú tagtha ar an infheistíocht ó chuideachtaí leictreachais. Mar gheall ar an titim sin san infheistíocht, tá ganntanas soláthair ann agus cuireann sé bac ar fhuinneamh in-athnuaite a fhorbairt tuilleadh. Dá bhrí sin, tacaíonn CESE leis an togra ón gCoimisiún úsáid a bhaint as na pleananna téarnaimh agus as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, chomh maith le cistiú breise ón gCiste Comhtháthaithe don fhorbairt réigiúnach agus ó stór cistí Chomhbheartas Talmhaíochta an Aontais chun Plean REPowerEU a chur chun feidhme.

1.7. Ní mór dearadh agus rialáil an mhargaidh a chur in oiriúint do dhálaí nua a bheidh ann amach anseo ina mbeidh an fuinneamh in-athnuaite i réim (lena n-áirítear táirgeadh níos dílráithe agus méadú ar thomhaltas ar an láthair). Ina theannta sin, ní mór na dálaí a theastaíonn ó na gníomhaithe éagsúla atá páirteach sa mhéid sin a chruthú leis an dearadh agus an rialáil sin, agus cosaint leordhóthanach do thomhaltóirí a áirithiú. Is díol sásaimh do CESE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún féachaint ar roghanna chun dearadh an mhargaidh leictreachais a bharrfheabhsú. Molann sé go láidir measúnuithe margaidh a dhéanamh chun anailís a dhéanamh ar iompraíocht na ngníomhaithe go léir a bhféadfadh baint a bheith acu leis an margadh fuinnimh agus ar dhearadh an mhargaidh fuinnimh. Cibé ar bith, leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé measúnú tionchair cuimsitheach a dhéanamh sula ndéanfar aon tograí.

1.8. Molann CESE athuair an "riail órga" a chur i bhfeidhm maidir le hinfheistíocht phoiblí chun táirgiúlacht agus an bonn sóisialta agus éiceolaíoch a choimirciú ar mhaithe leis na glúnta nár tháinig ar an saol fós.

1.9. Ní rogha é an maoiniú cumaiscthe ina bhfuil infheisteoirí príobháideacha páirteach ach amháin má áirithítear go bhfuil na leithdháiltí trédhearcach agus nach mbeidh aon chostais bhreise gan údar maith ar na húdaráis phoiblí i gcomparáid le maoiniú poiblí. Ní mór trédhearcacht iomlán a bheith ann i dtaca le costais bhreise a bhfuil údar maith leo. Tá sé níos tábhachtaí fós, agus samhlacha measctha den sórt sin á n-úsáid, cearta agus oibleagáidí a shainiú go soiléir, saincheisteanna dliteanais a shoiléiriú, agus foráil a dhéanamh maidir le córas éifeachtúil mear chun coinbhleachtaí a réiteach, chun costais fhadtéarmacha bhreise agus saincheisteanna díobhálacha maidir le dliteanas a sheachaint.

1.10. Tá CESE á chur i bhfáth nach cúrsaí maoinithe amháin atá i gceist leis an aistriú cóir. Áirítear leis freisin an cuspóir maidir le hobair chuibhiúil, poist ardcháilíochta agus slándáil shóisialta a chruthú, iomaíochas ghnólachtaí na hEorpa a chothabháil, agus tá gá le gníomhaíocht shonrach ar gach leibhéal, go háirithe ar an leibhéal réigiúnach, má táthar chun an t-aistriú sin a chur i gcrích.

1.11. Tá CESE lánchinnte gur cheart aird ar leith a thabhairt ar an sainmhíniú ar fhorbairt na heangaí mar leas poiblí sáraitheach, ar chosaint na haeráide a áireamh mar chuspóir rialála agus, ar bhonn níos ginearálta, ar shioncrónú níos fearr i bpleanáil an fhuinnimh in-athnuaite agus na heangaí leictreachais. Tá géarghá le forálacha sonracha faoi dhlí an Aontais.

1.12. Is ríléir ónar tharla le deich mbliana anuas, cuir i gcás na dúshláin a bhaineann le leathnú na heangaí, an méadú ollmhór ar phraghsanna fuinnimh, baol na gcibear-ionsaithe, agus go háirithe, an cogadh san Úcráin, a bhfuil i dtreis: cé a bheidh i gceannas ar an mbonneagar lárnach, amhail an eangach fuinnimh, amach anseo? Saincheist a eascraíonn go príomha as leas an phobail atá i dtreis. Ciallaíonn sé sin go mbeadh úinéireacht phoiblí atá tiomanta don leas coiteann agus a chuireann deireadh leis na neamhionannais atá ann cheana i gceist freisin.

1.13. Níl aon amhras ach go bhfuil tábhacht le saincheist na mbuntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le húinéireacht phoiblí agus phríobháideach agus/nó maoiniú bonneagair fuinnimh do mhargadh fuinnimh a fheidhmíonn go maith agus ba cheart í a chur san áireamh sa mheasúnú atá beartaithe ag an gCoimisiún ar roghanna chun dearadh an mhargaidh fuinnimh a bharrfheabhsú. D'fhéadfadh torthaí an mheasúnaithe sin a bheith ina n-uirlis luachmhar chinnteoireachta do na Ballstáit, arb iad atá freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir le húinéireacht na mbonneagar fuinnimh, bíodh sí poiblí nó príobháideach. Dar le CESE, ní hamháin gur príomhearra straitéiseach é an leictreachas do gheilleagar iomlán an Aontais, ach gur earra poiblí é freisin. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar thionchar agus ar iarmhairtí an phróisis iomláin maidir le príobháidiú agus léirscaoileadh earnáil fuinnimh na hEorpa a mhéid a bhaineann lena cobhsaíocht, le hiontaofacht an tsoláthair agus le feidhmiú an mhargaidh leictreachais, agus leas a bhaint as na torthaí chun earnáil iomlán an fhuinnimh a athdhearadh, lena n-áirítear roghanna maidir le ról na n-earnálacha náisiúnta agus poiblí a neartú.

2. **Cúlra**

2.1. Tá iarmhairtí na géarchéime aeráide ag cur isteach cheana féin ar na billiúin daoine ar fud an domhain, ach freisin ar éiceachórais, mar atá léirithe sna tuarascálacha is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC). Is fíor sin in ainneoin nár shroich an méadú teochta an teorainn 1,5 céim atá leagtha síos i gComhaontú Pháras fós. Saincheist atá achrannach go maith is ea gur minic a bhíonn an méid is lú acmhainní ag na grúpaí is mó atá thíos le teas, triomach, tuilte, galair agus ganntanas uisce agus bia.

2.2. Tá méadú tagtha le blianta beaga anuas ar na féidearthachtaí atá ann oiriúnú éifeachtach a dhéanamh don athrú aeráide. Mar sin féin, i roinnt mhaith áiteanna san Eoraip, níl na bearta a chuirtear chun feidhme agus atá beartaithe sásúil. Cuireann na saineolaithe in iúl nach leor an úsáid a bhaintear as cistiú, nach leor rannpháirtíocht na saoránach agus na hearnála príobháidí, agus go bhfuil easpa ceannaireacht pholaitiúil ann.

2.3. Toisc go bhfuil suimeanna móra airgid á gcur ar fáil go tapa ag an Eoraip chun críocha míleata mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin, is cúis imní é go mbeadh níos lú acmhainní airgeadais ar fáil agus go gcuirfí moill ar chosaint na haeráide dá bharr. Dá bhrí sin, is díol sásaimh do CESE na bearta agus na hionstraimí a d'fhógair an Coimisiún i bPlean REPowerEU ([2]) chun spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise a laghdú, go háirithe iad siúd a thagann ón Rúis, trí bhearta coigilte fuinnimh a dhéanamh, dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite, éagsúlú soláthróirí a chur chun cinn agus dul i gcomhar le chéile chun córas fuinnimh níos athléimní agus físeoraontas fuinnimh a bhaint amach.

2.4. Chun na cuspóirí aeráide a bhaint amach, ní mór an acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite a mhéadú níos mó ná dhá oiread. Inniu féin, i dtíortha móra amhail an Ghearmáin, bíonn costas an leictreachais ghlais, nach féidir a úsáid ná a iompar agus nach mór a laghdú, cothrom leis na céadta milliún euro in aghaidh na bliana. Méadófar an caillteanas eacnamaíoch sin go suntasach mura ndéanfar na heangacha leictreachais agus an acmhainn stórála a leathnú go tapa agus mura gcuirfear feabhas ar na deiseanna atá ann chun leictreachas a úsáid go háitiúil. Agus gréasáin á bpleanáil agus á rialáil, is den tábhacht é forbairt na ngréasán fuinnimh a ailíniú le cuspóir na haeráidneodrachta. Tá ról ríthábhachtach ag gréasáin dáileacháin i ndáil leis sin, ós rud é gurb iad na gréasáin sin an áit ina nasctar cuid mhór de na suiteálacha fuinnimh in-athnuaite.

2.5. Chun na ceanglais sin a chomhlíonadh, ní mór an infheistíocht san eangach leictreachais a dhúbailt go EUR 55 bhilliún in aghaidh na bliana agus í a mhéadú go EUR 75 bhilliún in aghaidh na bliana d'acmhainneacht ghiniúna an fhuinnimh ghlain ([3]). Sa chomhthéacs sin, leagann CESE béim ar an mbreisluach a bhaineann leis na tograí ón gCoimisiún maidir le nósanna imeachta meara um dheonú ceadanna do thionscadail fuinnimh in-athnuaite agus maidir le "sprioclimistéir" a bhunú do thionscadail den chineál sin. Tacaíonn CESE le dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna a bhaineann leis an bhfuinneamh in-athnuaite agus iad a chuíchóiriú. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na heangacha dáileacháin, ós rud é go mbíonn tionchar ag foinsí in-athnuaite orthu.

2.6. Sa chomhthéacs sin, tá ról tábhachtach ag an infheistíocht phoiblí i gcórais chliste agus in-athnuaite fuinnimh chun slándáil an tsoláthair a áirithiú, dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh, praghsanna a choinneáil inacmhainne agus poist a chruthú. Níl aon amhras ach go mbeidh tionchar ollmhór ag an aistriú glas, mar atá leagtha amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip, ar fhostaíocht sna hearnálacha fuinnimh atá dian ó thaobh úsáid carbóin de. Ag an am céanna, cruthófar roinnt mhaith deiseanna nua fostaíochta trí mhéadú suntasach a dhéanamh ar an infheistíocht phoiblí i gcórais fuinnimh atá aeráidneodrach. Chuige sin, tá gá le corrlaigh bhuiséadacha chomhfhreagracha trí athmhúnlú a dhéanamh ar an gcreat fioscach, mar a mhol CESE ina thuairim féintionscnaimh *Athstruchtúrú chreat fioscach an Aontais le haghaidh téarnamh inbhuanaithe agus aistriú cóir*, (níl leagan Gaeilge ann), ó mhí Dheireadh Fómhair 2021.

2.7. I ndlí fuinnimh na hEorpa, ní aithnítear cosaint an chomhshaoil mar chuspóir de chuid rialáil na heangaí. Mar thoradh air sin, is deacair do na rialtóirí náisiúnta freisin dreasachtaí a fhorbairt do chlaochlú, do mhéadú agus do nuachóiriú na n-eangach dáilte leictreachais a chomhlíonann riachtanais na haeráidneodrachta.

([2]) Plean REPowerEU, COM(2022) 230 final.
([3]) Is é sin an chonclúid ar ar tháinig an chónaidhm d'earnáil an leictreachais, Eurelectric.

2.8. Maidir le córais agus bonneagair fuinnimh a dhearadh amach anseo, tá béim leagtha arís agus arís eile ag CESE ar an ngá atá ann go mbeidh gach tomhaltóir – teaghlaigh, gnólachtaí agus pobail fuinnimh – rannpháirteach go gníomhach i bhforbairt córas cliste fuinnimh. Faraor, is gealltanais amháin a tugadh ina leith sin agus níor cruthaíodh aon tionscnaimh inaitheanta. Iarrann CESE go dtabharfaí isteach ar deireadh dreasachtaí chun táirgeoirí is tomhaltóirí, pobail fuinnimh in-athnuaite agus pobail fuinnimh saoránach a chur i ngníomh, ionas go mbeidh an tsochaí shibhialta in ann páirt a ghlacadh san aistriú fuinnimh agus go mbeidh an deis ag tomhaltóirí páirt ghníomhach a ghlacadh sa mhargadh. Cabhróidh sé sin freisin le fadhb na gcostas síormhéadaitheach a bhaineann leis an bhfuinnimh in-athnuaite a mhaolú i ngeall ar phlódú na heangaí.

2.9. Tá CESE i bhfách leis na rialacha Eorpacha maidir le gréasáin fuinnimh thras-Eorpacha (GTE-F) a chur in oiriúint ar bhealach níos éifeachtaí do chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais, lena mbainfidh go háirithe dícharbónú an chórais fuinnimh, an t-aistriú chuig an aeráidneodracht, forbairt foinsí in-athnuaite fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh agus baol na bochtaineachta fuinnimh a chosc. Ós rud é go bhfuil ról lárnach ag na gréasáin fuinnimh maidir le cothromaíocht, athléimneacht agus forbairt an chórais fuinnimh a áirithiú, tá CESE ag iarraidh go bhfónfadh an Rialachán ar bhealach níos follasaí do chomhtháthú an chórais fuinnimh d'fhonn gach cineál dícharbónaithe fuinnimh a chur chun cinn, agus d'fhonn dí-chomhtháthú de chineál ar bith a chosc. Ina fhianaise sin, is díol sásaimh do CESE an tionscnamh a ghlac an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa chun eangacha dáileacháin a shainiú mar "leas sáraitheach an phobail", mar aon leis an bhfuinneamh in-athnuaite.

2.10. Leis na méaduithe reatha ar phraghsanna, tá brú á chur ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí na hEorpa. Tugann CESE dá aire agus is oth leis nach bhfuil gníomhaíocht déanta ag na ceannairí polaitiúla bunaithe ar a ghlao ([4]) maidir le spleáchas straitéiseach a laghdú ar thríú páirtithe neamhiontaofa, agus gurb é a mhalairt a tharla: tá méadú tagtha ar an spleáchas sin. Is í an Rúis an t-onnmhaireoir ola, gáis agus guail is mó chuig an Aontas Eorpach agus tá roinnt mhaith stáisiúin cumhachta núicléiche ag brath ar shlata breosla agus ar theicneolaíochtaí na Rúise. Dá mbeadh laghdú déanta ag an Eoraip ar a cuid allmhairí breoslaí iontaise mar a gealladh, ní bheadh drochthionchar chomh mór sin ag an ngéarchéim reatha maidir le praghsanna fuinnimh ar shaoránaigh agus ar chuideachtaí na hEorpa. Dá bhrí sin, is díol sásaimh do CESE na hiarrachtaí a leagtar amach sa phlean REPowerEU chun an spleáchas sin a laghdú go tapa, go háirithe spleáchas an Aontais Eorpaigh ar an Rúis. Tacaíonn CESE le hiarrachtaí institiúidí an Aontais agus na mBallstát aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar shaincheist na bpraghsanna i gcomhréir leis an Teachtaireacht ó mhí Dheireadh Fómhair 2021, Teachtaireacht COM(2022) 236 final maidir leis an margadh leictreachais, agus na huirlisí atá ar fáil faoin gCreat Sealadach maidir le bearta státchabhrach i ndáil le COVID-19.

2.11. I bhfianaise an chomhthéacs reatha, áfach, athdhearbhaíonn CESE gurb éard atá i gceist "neamhspleáchas agus uathriail straitéiseach i réimse an fhuinnimh" a bhaint amach a mhéid is féidir, seachas na spleáchais a éagsúlú. Beidh an fuinneamh in-athnuaite agus an hidrigin ina spreagthóirí sa phróiseas dícharbónaithe agus ba cheart iad a tháirgeadh, a mhéid is féidir, laistigh den Aontas.

2.12. Faoi láthair, cuireann gás nádúrtha leachtaithe (GNL), agus bearta suntasacha coigilte fuinnimh, rogha mhalartach ar ghás nádúrtha na Rúise ar fáil sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma i roinnt réigiún. San fhadtéarma, má tá fáil uirthi i gcainníochtaí leordhóthanacha agus ar phraghas réasúnta, is rogha atá comhoiriúnach leis na cuspóirí aeráide í an hidrigin ghlas. Sa mhéid is nach acmhainn don Eoraip an méid iomlán gáis a theastaíonn uaithi a tháirgeadh (rud is ríléir i gcás GNL, cé gur féidir a neamhspleáchas ar allmhairí a mhúnlú fós i gcás hidrigine) ní mór na ceachtanna cearta a fhoghlaim ó thubaiste na Rúise. Tugann CESE rabhadh nach mór don Eoraip aire ar leith a thabhairt maidir le hacmhainní ab fhéidir a úsáid in ionad ghás na Rúise, a mhéid a bhaineann leis an tionchar a bheadh ag na hacmhainní sin ar an gcomhshaol agus maidir le spleáchais nua ar thríú tíortha nach bhfuil na luachanna céanna acu, amhail an daonlathas, urraim do chearta an duine agus an smacht reachta.

2.13. Ar na mórgheilleagair uile a thógáil le chéile, is ag an Aontas atá an ráta infheistíochta poiblí is lú sna teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain a bheadh ag teastáil le haghaidh an dícharbónaithe agus is bac é sin ar an iomaíochas domhanda. Ina theannta sin, tugann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa rabhadh go bhféadfadh sé nach gcuirfí dóthain airgid ar fáil le straitéis REPowerEU. Dá bhrí sin, tacaíonn CESE leis an togra ón gCoimisiún úsáid a bhaint as na pleananna téarnaimh agus as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, chomh maith le cistiú breise ón gCiste Comhtháthaithe don fhorbairt réigiúnach agus ó stór cistí Chomhbheartas Talmhaíochta an Aontais chun Plean REPowerEU a chur chun feidhme.

([4]) Tuairim ó CESE maidir le praghsanna fuinnimh,(IO C 275, 18.7.2022, lch. 80).

2.14. I roinnt Ballstát agus ar leibhéal an Aontais, meastar go bhfuil borradh á chur ag iarmhairtí an chogaidh san Úcráin ar an neamhspleáchas fuinnimh agus ar an aeráidneodracht. Is díol sásaimh do CESE é sin. Mar sin féin, tá sé deacair an staid mar atá a thomhas. Tá méadú ar úsáid gáis leachtaithe agus filleadh ar an ngual ar na bacáin agus d'fhéadfadh sé gur céim siar san aistriú fuinnimh é an méid sin. Tá dearcadh cáinteach ag CESE ina leith sin. Mar sin féin, aithníonn sé gur beart éigeandála dírithe ar bhorradh a chur faoin tslándáil fuinnimh sa ghearrthéarma é na roghanna a mhéadú maidir le conas fuinneamh a ghiniúint. Chomh maith leis an bhfuinneamh gaoithe agus an grianfhuinneamh, tá sé tábhachtach úsáid a bhaint as an raon leathan foinsí fuinnimh ísealcharbóin, ar foinsí iad atá oiriúnach don gheilleagar agus don éiceolaíocht laistigh de chóras fuinnimh. Ag an am céanna, tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun aistriú glas an chórais fuinnimh a bhaint amach.

2.15. D'fhoilsigh Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Seirbhíse Poiblí (EPSU) tuarascáil ([5]) ina ndeimhnítear gur beag réiteach atá curtha ar fáil ag dírialáil an chórais fuinnimh chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide reatha. Den chuid is mó, is i ngeall ar fhóirdheontais phoiblí shuntasacha seachas saoriomaíocht ar an margadh a bhíothas in ann úsáid fhorleathan a bhaint as roghanna malartacha inmharthana ar fhoinsí fuinnimh astaithe carbóin. Léirítear sa tuarascáil nach féidir gealltanais Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh gan athrú a dhéanamh ar shamhail reatha an chórais fuinnimh san Eoraip.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. De bharr an athraithe aeráide mhear agus na géarchéime fuinnimh atá ann faoi láthair, tá gá le hinfheistíochtaí sa bhonneagar sa ghearrthéarma chun cuspóir 2050 maidir leis an aeráidneodracht a bhaint amach agus chun soláthar fuinnimh a áirithiú. Ag an am céanna, ba léiriú é an borradh ar phraghas an fhuinnimh ar na laigí sa mhargadh fuinnimh. Is gá ceisteanna bunúsacha a chur faoi thodhchaí an fhuinnimh chun soláthar fuinnimh atá glan, inacmhainne, iontaofa agus an ceart chun fuinnimh a chinntiú. Cuireann CESE i bhfios go láidir a phráinní atá an infheistíocht phoiblí chun neamhspleáchas fuinnimh ar allmhairí gáis ón Rúis a bhaint amach agus tacaíonn sé leis na bearta i ndáil leis sin a mhol an Coimisiún sa Phlean REPowerEU.

3.2. I ndáil leis sin, ní mór dearadh an mhargaidh, rialáil an mhargaidh, cruthú na gcoinníollacha riachtanacha do ghníomhaithe aonair agus neartú ar chosaint leordhóthanach tomhaltóirí a chur san áireamh freisin. Is díol sásaimh do CESE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún féachaint ar roghanna chun dearadh an mhargaidh leictreachais a bharrfheabhsú. Tugann sé dá aire anailís an Choimisiúin ar na margaí leictreachais agus gáis agus na bearta atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh, chomh maith leis na tograí chun feabhas a chur ar ghréasáin fuinnimh agus ar acmhainní stórála, chomh maith leis na gealltanais athnuaite chun rochtain ar an margadh a fheabhsú do ghníomhaithe beaga (táirgeoirí is tomhaltóirí) agus chun slándáil an tsoláthair a áirithiú.

3.3. Ní mór dearadh agus rialáil an mhargaidh a chur in oiriúint do dhálaí nua a bheidh ann amach anseo ina mbeidh an fuinneamh in-athnuaite i réim. Ba cheart díriú go háirithe ar an dá ghné seo a leanas: táirgeadh díláraithe agus méadú ar thomhaltas ar an láthair. Chun an dá chuspóir sin a bhaint amach, áfach, ní mór na coinníollacha riachtanacha a chur i bhfeidhm go fóill do na gníomhaithe aonair agus ní mór leibhéal leordhóthanach cosanta do thomhaltóirí a áirithiú. Tá gá le measúnuithe margaidh lena ndéantar anailís ar iompraíocht na ngníomhaithe uile a bhféadfadh baint a bheith acu leis an margadh fuinnimh agus ar dhearadh an mhargaidh fuinnimh. Cibé ar bith, leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé measúnú tionchair cuimsitheach a dhéanamh sula ndéanfar aon tograí. Cuireann CESE in iúl go bhfuil géarghá le cur i gcoinne praghsanna arda leictreachais, lena n-áirítear cuachadh praghsanna leictreachais agus gáis, a bhfuil tionchar diúltach acu ar gheilleagair na mBallstát.

3.4. Le fada an lá, cuireadh ar an méar fhada an cheist maidir le méid na slándála soláthair is féidir a bhaint amach trí mheán an mhargaidh agus maidir leis an dearadh margaidh is fearr chuige sin. I bprionsabal, is féidir a bheith ag súil le hardleibhéal slándála soláthair a fháil ó chóras fuinnimh atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh (a tháirgtear ar bhonn intíre den chuid is mó). Ach ní thiocfaidh ann do chóras den chineál sin as féin — is réamhriachtanas é an socrú

([5]) *A Decarbonised, Affordable and Democratic Energy System for Europe*. https://www.epsu.org/sites/default/files/article/files/Going%20Public_EPSU-PSIRU%20Report%202019%20-%20EN.pdf

rialála ceart a bheith ann freisin. Tá tábhacht ar leith ag baint le heangacha cliste, rud a chuireann teachtaireacht shoiléir in iúl do na milliúin táirgeoirí agus tomhaltóirí go bhfuil tionchar dearfach acu ar an gcóras agus go gcuireann siad, ar an gcaoi sin, le slándáil an tsoláthair.

3.5. Maidir le tionscadail bhonneagair a mhaoiniú, léiríodh arís agus arís eile gurb iad na rialacha fioscacha an phríomhbhacainn atá roimh na húdaráis phoiblí. Dá bhrí sin, ní mór é a bheith mar aidhm tionscadail a bhaineann leis an gComhaontú Glas don Eoraip, leis an neamhspleáchas fuinnimh agus leis an earnáil dhigiteach a dhíolmhú ó aon rialacha lena gcuirtear cosc ar infheistíocht phoiblí den sórt sin. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an tuairim uaidh *Athstruchtúrú chreat fioscach an Aontais* ([6]), molann CESE an "riail órga" a chur i bhfeidhm maidir leis an infheistíocht phoiblí chun an táirgiúlacht agus an bonn sóisialta agus éiceolaíoch a chosaint ar mhaithe le folláine na nglún atá le teacht.

3.6. Ní rogha é an maoiniú cumaiscthe ina bhfuil infheisteoirí príobháideacha páirteach ach amháin má áirithítear go bhfuil na leithdháiltí trédhearcach agus nach mbeidh aon chostais bhreise gan údar maith ar na húdaráis phoiblí i gcomparáid le maoiniú poiblí. Ní mór trédhearcacht iomlán a bheith ann i dtaca le costais bhreise a bhfuil údar maith leo. I dtuarascáil ón mBanc Eorpach Infheistíochta, tugtar faoi deara, mar shampla, go raibh conarthaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí (PPP) i réimse an iompair de bhóthar 24 % níos costasaí ar an meán san Eoraip ná tionscadail chomhchosúla a fuair maoiniú traidisiúnta ([7]). Tá sé níos tábhachtaí fós, agus samhlacha measctha den sórt sin á n-úsáid, cearta agus oibleagáidí a shainiú go soiléir, saincheisteanna dliteanais a shoiléiriú, agus foráil a dhéanamh maidir le córas éifeachtúil mear chun coinbhleachtaí a réiteach, chun costais fhadtéarmacha bhreise agus saincheisteanna díobhálacha maidir le dliteanas a sheachaint.

3.7. Cuireann an Coimisiún in iúl, mar is ceart, gur féidir le hinfheistíochtaí poiblí airgead príobháideach a spreagadh agus gur gá é a spreagadh. Mar sin féin, ní chumhdaítear le REPowerEU athmhaoiniú na gcistí poiblí. Cur chuige amháin chun é sin a chur i gcrích is ea deireadh a chur leis na fóirdheontais le haghaidh acmhainní iontaise; cur chuige eile is ea cáin a ghearradh ar bhrabúis amhantair a rinneadh de dheasca na géarchéime tromchúisí ola agus gáis agus a bhfuil mar thoradh orthu brabúis ollmhóra bhreise go háirithe do chuideachtaí móra ola. Is údar imní do CESE éifeacht dhíchobhsaitheach chontúirteach a bheith á himirt ar an tsochaí de bharr ollbhrabús na gcuideachtaí fuinnimh ar thaobh amháin den scéal, agus de bharr an mhéadaithe atá tagtha ar an mbochtaineacht fuinnimh mar thoradh ar ardú na bpraghsanna fuinnimh, ar an taobh eile de. Molann CESE go mbainfí an barr de na brabúis sin le cabhair ó chánacha agus go gcuirfí ar aghaidh iad mar chúiteamh airgeadais do thomhaltóirí fuinnimh, e.g. teaghlaigh atá níos leochailí ó thaobh airgeadais de nó cuideachtaí dianfhuinnimh, agus go n-úsáidfí iad chun táirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus an bonneagar eangaí is gá a leathnú, go háirithe ós rud é go bhfuil sé á phlé nó á chur chun feidhme cheana féin i roinnt Ballstát. Tá CESE den tuairim gur cheart cánachas den sórt sin a shainmhíniú ar bhealach an-íogair ionas nach gcuirfear bac ar chuideachtaí fuinnimh infheistíocht a dhéanamh i réitigh ísealcharbóin. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún bearta a bhaineann leis an méid sin a mholadh gan a thuilleadh moille.

3.8. Ar an gcéad dul síos, is é príomhchuspóir an bhonneagair go bhfeidhmíonn sé go maith agus nach ndéanann sé leictreachas a iompar idir dhá phointe mar chríoch ann féin chun tuairisceáin sheasta a ghiniúint. Is ríléir ónar tharla le deich mbliana anuas, cuir i gcás na dúshláin a bhaineann le leathnú na heangaí, an méadú ollmhór ar phraghsanna fuinnimh, baol na gcibear-ionsaithe, agus go háirithe, an cogadh san Úcráin, a bhfuil i dtreis: cé a bheidh i gceannas ar an mbonneagar lárnach, amhail an eangach fuinnimh, amach anseo? Saincheist a eascraíonn go príomha as leas an phobail atá i dtreis. Ciallaíonn sé sin go mbeadh úinéireacht phoiblí atá tiomanta don leas coiteann agus a chuireann deireadh leis na neamhionannais atá ann cheana i gceist freisin.

3.9. Tá CESE á chur i bhfáth nach cúrsaí maoinithe amháin atá i gceist leis an aistriú cóir. Áirítear leis freisin an cuspóir maidir le hobair chuibhiúil, poist ardcháilíochta agus slándáil shóisialta a chruthú, iomaíochas ghnólachtaí na hEorpa a chothabháil, agus tá gá le gníomhaíocht shonrach ar gach leibhéal, go háirithe ar an leibhéal réigiúnach, má táthar chun an t-aistriú sin a chur i gcrích. I measc na bpríomhthosca eile atá riachtanach le haghaidh "aistriú cóir" tá ról gníomhach agus eagraíochtúil na hearnála poiblí agus rannpháirtíocht dhaonlathach na gcomhpháirtithe sóisialta a áirithiú ar gach leibhéal.

([6]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa *Athstruchtúrú chreat fioscach an Aontais le haghaidh téarnamh inbhuanaithe agus aistriú cóir*, IO C 105, 04.03.2022, lch. 11.

([7]) An Banc Eorpach Infheistíochta, 2006. *Ex ante construction costs in the European road sector: a comparison of public-private partnerships and traditional public procurement*. Tuarascáil Eacnamaíoch agus Airgeadais 2006/01, Blanc-Brude, F., Goldsmith, H. agus Välilä, T., https://www.eib.org/attachments/efs/efr_2006_v01_en.pdf

3.10. Is cuid den bhonneagar criticiúil é an eangach fuinnimh. Má chliseann ar na bonneagair sin nó má chuirtear isteach orthu, d'fhéadfadh sé go mbeadh ganntanas soláthair tubaisteach ann agus go gcuirfí slándáil an phobail i mbaol. Is mó an smacht atá ag gníomhaithe príobháideacha san Eoraip ar bhonneagar ríthábhachtach, amhail earnáil an iompair agus cúrsaíocht tráchta, seirbhísí sláinte, agus réimsí an airgeadais agus na slándála (gan ach cúpla ceann a lua) mar gheall ar an dírialáil agus an príobháidiú a rinneadh le blianta beaga anuas. Baineann fadhbanna leis sin toisc go bhfuil na hearnálacha idirnasctha agus go laghdaíonn nó go gcoisceann leochaileacht earnála amháin feidhmíocht bonneagair chriticiúil eile (tionchar iarmhartach). Ar thaobh amháin, tá sé deacair meastachán a dhéanamh ar na hidirthuilleamaíochtaí sin agus, ar an taobh eile, is chun leas an phobail é a bhfeidhmiú a áirithiú. Go háirithe i gcás cur isteach ar an margadh nó i gcás tubaiste, is ríthábhachtach an ní go mbeadh rochtain ag comhlachtaí comhordaithe poiblí a bhfuil an chumhacht acu athléimneacht arna comhordú ar bhonn réigiúnach a áirithiú. Tá na rioscaí sin thar a bheith ard i gcás an leictreachais. Murach an leictreachas, bheadh sé deacair a shamhlú go bhfeidhmeodh sochaí fhorásach an 21ú haois agus thitfeadh an tsochaí ina hiomláine as a chéile mar thoradh ar lándorchuithe forleathana.

3.11. Ós rud é gurb í an timpeallacht thógtha san Eoraip is cúis le thart ar 40 % den tomhaltas fuinnimh san Eoraip, tá sé thar a bheith tábhachtach nasc cliste le teicneolaíochtaí nua a chruthú, athchóirithe a chur chun feidhme go héifeachtach agus samhlacha nua rannpháirtíochta sibhialta a chur chun cinn d'fhonn aistriú fuinnimh a bhaint amach san earnáil tithíochta agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú san earnáil sin. Cuireann an Treoir maidir le Leictreachas rannpháirtíocht sin na dtomhaltóirí i dtáirgeadh leictreachais in-athnuaite chun cinn agus soláthraítear léi bonn ríthábhachtach chun glacadh le táirgeadh díláraithe fuinnimh. Sa chomhthéacs sin, tá an comhchuibhiú tábhachtach don limistéar Eorpach ar fad ionas gur féidir leis an oiread teaghlach agus is féidir san Eoraip páirt a ghlacadh san aistriú fuinnimh. Le coincheapa amhail an comhroinnt fuinnimh agus an fuinneamh pobail i gcoitinne, cuirtear deiseanna fóinteacha ar fáil le haghaidh úsáid eangacha fuinnimh don soláthar ar mhionscála atá bunaithe ar éileamh agus ar an eangach.

3.12. Athdhearbhaíonn CESE a sheasamh gurb é an aidhm atá ann astaíochtaí a laghdú a mhéid is féidir ar na costais shocheacnamaíocha is ísle is féidir. Molann CESE ionstraimí atá comhoiriúnach do mhargadh dea-rialáilte agus bearta rialála a úsáid i dteannta a chéile nuair is gá, lena n-áirítear ionstraimí airgeadais a bhfuil tacaíocht acu ón gCreat Airgeadais Ilbhliantúil agus ón ionstraim NextGenerationEU chun cuidiú le timpeallacht fuinnimh níos éifeachtúla a bhaint amach. Mar sin féin, ní mór é a bheith soiléir freisin, i gcás ina léirítear le hanailís chúramach go bhfuil fianaise mhaith ann go bhfuil cliseadh margaidh ann cheana nó go bhfuil baol ann go gclisfeadh ar an margadh, nach mór do na húdaráis phoiblí an cás sin a leigheas, mar shampla trí infheistíocht a dhéanamh sa mhargadh nó idirghabháil a dhéanamh ann.

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. Is é is aidhm d'infheistíochtaí sa bhonneagar fuinnimh borradh a chur faoi shlándáil an tsoláthair agus faoi fhorbairt an fhuinnimh in-athnuaite ar bhealach tapa, éifeachtúil agus costéifeachtach ar mhaithe le tomhaltóirí agus leis an ngeilleagar. Ciallaíonn an méid sin go bhfuil gach rud ag brath ar an gceist seo a leanas: cé a bheidh i gceannas ar an mbonneagar lárnach, amhail an eangach fuinnimh, amach anseo? Ó cuireadh tús leis an dírialáil, tá laghdú tagtha ar an infheistíocht ó chuideachtaí leictreachais. Mar gheall ar an titim sin san infheistíocht (san eangach agus sa ghiniúint), tá ganntanas soláthair ann agus cuireann sé bac ar fhuinneamh in-athnuaite a fhorbairt tuilleadh.

4.2. Ó thaobh an gheilleagair de, tá ceist ann maidir le cén fáth nach mbeadh gréasán fuinnimh atá tarraingteach d'infheisteoirí, ós rud é gur infheistíocht iontaofa atá ann, tarraingteach don Stát chomh maith. D'fhéadfaí na díbhinní bliantúla arna n-íoc ag cuideachtaí príobháideacha a athinfheistiú in úinéireacht phoiblí ar mhaithe le leas an phobail agus laghdófaí an brú ar an airgeadas poiblí. Is amhlaidh sin go háirithe toisc go bhfuil sé léirithe cheana féin le roinnt príobháidithe páirteacha san am a chuaigh thart gurbh í an úinéireacht phoiblí an rogha chiallmhar ar chúiseanna airgeadais amháin. Baineann roinnt Ballstát úsáid as struchtúir phoiblí nó leathphoiblí cheana féin. Ag an am céanna, tá treocht ann i dtreo seirbhísí a thabhairt isteach faoi chúram údarás áitiúil athuair. Níl aon amhras ach go bhfuil tábhacht le saincheist na mbuntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le húinéireacht phoiblí agus phríobháideach agus/nó maoiniú bonneagair fuinnimh do mhargadh fuinnimh a fheidhmíonn go maith agus ba cheart í a chur san áireamh sa mheasúnú atá beartaithe ag an gCoimisiún ar roghanna chun dearadh an mhargaidh fuinnimh a bharrfheabhsú. D'fhéadfadh torthaí anailíse den sórt sin a bheith ina n-uirlis luachmhar chinnteoireachta do na Ballstáit, arb iad atá freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir le húinéireacht phoiblí nó phríobháideach na mbonneagar fuinnimh.

4.3. Sa chomhthéacs sin, tá an soláthar fuinnimh áitiúil agus réigiúnach agus tabhairt isteach fóntas faoi chúram údarás áitiúil athuair, go háirithe i gcomhthéacs straitéisí dílárathe, ag éirí níos tábhachtaí. I ndáil leis sin, tá ról lárnach ag an infheistíocht phoiblí i dtáirgeadh fuinnimh dílárathe ar an leibhéal áitiúil. Ba cheart féidearthachtaí maoiniúcháin eile, amhail maoiniú díreach trí chistí, a fhiosrú. Tá díonta ar fhoirgnimh phoiblí oiriúnach go háirithe chun grianfhuinneamh saor a sholáthar do chomharsanachtaí iomlána.

4.4. I roinnt Ballstát, cuirtear dreasachtaí airgeadais ar fáil chun cur le leathadh amach an fhuinnimh fhótavoltaigh. Tá iarrtha ag an Ostair, an Bheilg, an Liotuáin, Lucsamburg agus an Spáinn, i litir chuig an gCoimisiún, go mbeadh córais fhótavoltacha feistithe ar fhoirgnimh riaracháin, ollmhargaí, díonta cothroma agus suiteálacha tionsclaíocha faoi choinníollacha áirithe. Ba cheart córais fhótavoltacha a bheith ina ngnáthchleachtas do thithe nua agus athchóirithe freisin. Tá siad ag iarraidh ar an gCoimisiún níos mó airgid a chur ar fáil ó bhuiséad an Aontais chun díriú ar fhorbairtí sa réimse sin. Is díol sásaimh do CESE an smaoineamh sin agus tá sé ag iarraidh ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar an infheistíocht, na rialacháin agus na bearta tionlacain, amhail taighde agus forbairt, a bheadh ag teastáil chun borradh a chur faoi fhorbairt agus táirgeadh an fhuinnimh fhótavoltaigh san Aontas.

4.5. An fuinneamh mar earra sóisialta: i dtaca leis seo, tugann CESE aird ar chur chun feidhme luachanna coiteanna an Aontais maidir le seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch ginearálta, de réir bhrí Airteagal 14 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), mar a leagtar síos i bPrótacal Uimh. 26 a ghabhann le CAE agus CFAE maidir le seirbhísí leasa ghinearálta. Mhéadódh sé sin an éifeachtúlacht agus an inacmhainneacht agus sheachnófaí clistí margaidh.

4.6. Léiríonn an ghéarchéim fuinnimh atá ann faoi láthair an tábhacht ar leith a bhaineann le fuinneamh mar shócmhainn atá ábhartha go sóisialta. Chomh maith le poist ardcháilíochta agus fostaíocht ar ardchaighdeán a choinneáil, tá an nasc idir gnéithe sóisialta agus comhshaoil ag éirí níos trédhearcaí. Leis an úinéireacht phoiblí, is féidir rialú daonlathach a áirithiú, mar aon le hinfheistíocht phoiblí, slándáil an tsoláthair agus dáileadh cothrom na gcostas a bhaineann leis an earnáil fuinnimh a athrú go foinsí fuinnimh in-athnuaite.

4.7. Chun droch-infheistíochtaí agus infheistíochtaí iomrallacha a sheachaint, ní mór aghaidh a thabhairt ar na débhríochtaí agus na neamhréireachtaí atá ann cheana maidir le struchtúir bhunúsacha an chórais fuinnimh nua, le hailtireacht an mhargaidh, le róil an mhargaidh agus le rialacha margaidh, agus go háirithe, an tionchar sóisialta ar oibrithe agus ar thomhaltóirí a réiteach láithreach bonn. I ndáil leis sin, tá ról lárnach ag dáileadh cothrom ualach na hinfheistíochta, agus is é an dála céanna ag dáileadh cothrom na mbrabús féideartha é. Tá riachtanais infheistíochta agus brabúsacht a áirithiú ar cheann de na príomh-shaincheisteanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu d'fhonn a áirithiú go bhfeidhmeoidh an margadh fuinnimh ar an mbealach is fearr san fhadtéarma. Tugann CESE dá aire na conclúidí ón staidéar a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) agus ón Teachtaireacht maidir leis na margaí leictreachais agus gáis ina leith sin agus is díol sásaimh dó go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an margadh leictreachais.

4.8. Gné thábhachtach den aistriú fuinnimh a bheidh sa chomhordú agus san eagrú idir allmhaireoirí, oibreoirí eangacha réigiúnacha, cuideachtaí fuinnimh sibhialta, féinsoláthraithe agus pobail fuinnimh a úsáideann a gcuid leictreachais go háitiúil, mar aon le cuideachtaí stórála agus soláthróirí.

An Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG

IARSCRÍBHINN

I rith na díospóireachta, diúltaíodh don leasú seo a leanas, a fuair aon cheathrú ar a laghad de na vótaí a caitheadh:

Pointe 2.9

Le leasú mar seo a leanas:

Tuairim ó rannóg	Leasú
Tá CESE i bhfách leis na rialacha Eorpacha maidir le gréasáin fuinnimh thras-Eorpacha (GTE-F) a chur in oiriúint ar bhealach níos éifeachtaí do chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais, lena mbainfidh go háirithe dícharbónú an chórais fuinnimh, an t-aistriú chuig an aeráidneodracht, forbairt foinsí in-athnuaite fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh agus baol na bochtaineachta fuinnimh a chosc. Ós rud é go bhfuil ról lárnach ag na gréasáin fuinnimh maidir le cothromaíocht, athléimneacht agus forbairt an chórais fuinnimh a áirithiú, tá CESE ag iarraidh go bhfónfadh an Rialachán ar bhealach níos follasaí do chomhtháthú an chórais fuinnimh d'fhonn gach cineál dícharbónaithe fuinnimh a chur chun cinn, agus d'fhonn dí-chomhtháthú de chineál ar bith a chosc. Ina fhianaise sin, is díol sásaimh do CESE an tionscnamh a ghlac an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa chun eangacha dáileacháin a shainiú mar "leas sáraitheach an phobail", mar aon leis an bhfuinneamh in-athnuaite.	Tá CESE i bhfách leis na rialacha Eorpacha maidir le gréasáin fuinnimh thras-Eorpacha (GTE-F) a chur in oiriúint ar bhealach níos éifeachtaí do chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais, lena mbainfidh go háirithe dícharbónú an chórais fuinnimh, an t-aistriú chuig an aeráidneodracht, forbairt foinsí in-athnuaite fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh agus baol na bochtaineachta fuinnimh a chosc. Ós rud é go bhfuil ról lárnach ag na gréasáin fuinnimh maidir le cothromaíocht, athléimneacht agus forbairt an chórais fuinnimh a áirithiú, tá CESE ag iarraidh go bhfónfadh an Rialachán ar bhealach níos follasaí do chomhtháthú an chórais fuinnimh d'fhonn gach cineál dícharbónaithe fuinnimh a chur chun cinn***, lena n-áirítear an fuinneamh núicléach***, agus d'fhonn dí-chomhtháthú de chineál ar bith a chosc. Ina fhianaise sin, is díol sásaimh do CESE an tionscnamh a ghlac an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa chun eangacha dáileacháin a shainiú mar "leas sáraitheach an phobail", mar aon leis an bhfuinneamh in-athnuaite.

Cúis

Tá ról tábhachtach ag giniúint na cumhachta núicléiche i measc an réimse leathain teicneolaíochtaí íseal-astaíochta atá ann, mar a léirigh Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen sna hóráidí a thug sí uaithi le déanaí.

Toradh na vótála ar an leasú:

Ar son: 44

In aghaidh: 109

Staonadh: 14